



# Gearrscéalta T1


don Chéad Bhliain

| | |
|---|---|
|  | **‘Aerfort’**<br>**Réaltán Ní Leannáin (U)**<br>***Dílis***<br>Bean dhílis tréigthe, bean eile ag dul i ngleic leis an éigniú agus fuadach a hóige, pacáistí rúnda agus fear ag saothrú an bháis. Tiomsaithe faoi chlúdach an leabhair seo tá scéal casta an ghrá, briseadh croí agus díoltas, bás agus buairt an tsaoil, soineantacht na hóige agus briseadh na soineantachta céanna. Is iomaí cor a chuireann an saol de agus is iomaí cor atá i ndán don léitheoir sa chnuasach ilghnéitheach seo. |
|  | **‘An Bád Beag’**<br>**Séamus Ó Grianna (U)**<br>***Cora Cinniúna 1***<br>Saol Rinn na Feirste sa leathchéad bliain roimh an Chéad Chogadh Mór - an saol lenar tógadh é féin – is ábhar don mhórchuid de shaothar Shéamuis Uí Ghrianna (‘Máire’). Sa chéad imleabhar seo den díolaim *Cora Cinniúna* tá seacht scéal fichead de chuid ‘Mháire’ a roghnaigh Niall Ó Dónaill as an dá chéad nó mar sin a foilsíodh idir 1940 agus 1968. |
|  | **‘An Buille’**<br>**Liam Ó Flaithearta (C)**<br>***Dúil***<br>In Árainn a rugadh Liam Ó Flaithearta, sa bhliain 1896. Chaith sé tamall ina shaighdiúir sa Chéad Chogadh Mór agus sa Chogadh Cathartha ina dhiaidh sin, tamall ag taisteal an domhain ar bord loinge, tamall sa Bowery, NuaEabhrac, sular tharraing sé an scríbhneoireacht chuige féin mar cheird ag tús na 1920idí. Tá cáil dhomhanda ar a chuid úrscéalta agus gearrscéalta, atá ar fáil ina lán teangacha. Bhásaigh sé sa bhliain 1984. Ba é *Dúil* an taon leabhar Gaeilge leis a foilsíodh lena bheo. |

Oide — Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí — Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

| | |
|---|---|
|  | **‘An Rún’**<br>**Ré Ó Laighléis (C)**<br>***Punk agus Scéalta Eile***<br>Sárscéalta samhlaíocha nua-aoiseacha a bhfuil spreagthacht agus eachtraíocht den scoth ag baint leo atá sa chnuasach seo.<br>Tá cáil an Laighléisigh mar cheannródaí sa déaglitríocht aitheanta go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta. Cás an íochtaráin is spéis leis sa chnuasach íogair seo - é íolbhristeach spleodrach dúshlánach ó thús deireadh - agus é de shíor ag cur in aghaidh na cneamhaireachta úd is cúis le híochtaráin a bheith ann. |
|  | **‘An Gadaí’**<br>**Pádraig Mac Piarais (C)**<br>***Gearrscéalta an Phiarsaigh*: Curtha in eagar ag Cathal Ó Háinle**<br>Blúirí beaga de shaol na Gaeltachta mar a chonaic an Piarsach é, atá sna scéalta seo. Bhí sé faoi dhraíocht go hiomlán ag an nGaeltacht, ag saol na Gaeltachta, ag muintir na Gaeltachta agus go háirithe ag leanaí na Gaeltachta. Toisc gurb í an Ghaeltacht fuíoll an áir a imríodh ar an dúchas, ba rud naofa aige í, agus feiceann sé í trí cheo mistiúil. An saol atá á chaitheamh ag pobal na Gaeltachta, is iarsma é dar leis, den saol Gaeltachta a bhí ann sular briseadh na slata draíochta – dream uasal, neamhúrchóideach, sona, soineanta is ea an pobal sin, go háirithe na leanaí. |
|  | **‘An tÁdh’**<br>**Pádraic Ó Conaire (C)**<br>***Pádraic Ó Conaire Rogha Scéalta:* Curtha in eagar ag Diarmuid de Faoite** Cnuasach nua gearrscéalta ó pheann Phádraic Uí Chonaire le meascán éagsúil scéalta, cuid acu as cló le blianta fada. Arna roghnú ag Diarmuid de Faoite. |
|  | **‘Beidh a cuid féin ag an fharraige’**<br>**Máire Áine Ní Bhaoill (U)**<br>***An Ghaoth Aduaidh***<br>Seo cnuasach gearrscéalta nuachumtha ó scríbhneoirí óga ó Choláiste Phobail Cholmcille i dToraigh agus ó Phobalscoil Chloich Cheann Fhaola ar an Fhál Charrach i nGaeltacht Gaoth Dobhair. |


CC BY NC




**'Bíonn an Fhírinne Searbh'**
**Mícheál Ó Ruairc (M)**
***Na Lucha ag Rince***
Tá an Crannchur Náisiúnta buaite ag Tomás Ó Sé, cúl tugtha aige dá sheansaol agus é i measc na mbodach mór. Ach nuair atá a shaibhreas caite aige, an mbeidh sé fágtha ar an trá fholamh? Nó céard faoi Phádraigín? Brú na hArdteiste, gan spás aici di féin agus obair an tí go léir á déanamh aici. Ní iontas ar bith di bheith in ísle brí. An bhfaighidh sí cothrom na féinne nó an rachaidh rudaí chun olcais? Agus an buachaill óg ... ag súil le bronntanas iontach lá Nollag ach, i mbliana, ní bronntanas a fhaigheann sé ach fírinne - fírinne ghruama, fhuar a mhúchann spiorad draíochtúil na Nollag. Briseadh croí, uaigneas, dóchas, maithiúnas, díoltas, sonas agus tuilleadh. Chomh maith le ceithre scéal is fiche atá suimiúil agus taitneamhach iontu féin, tá treoracha úsáideacha sa leabhar seo don scoláire maidir le scríobh agus pleanáil scéalta.





**'Cúthalach'**
**Jackie Mac Donncha (C) *Bróga Johnny Thomáis***
Bronnadh an chéad duais i gComórtas Litríochta Chló Iar-Chonnacht ar chnuasach gearrscéalta Jackie Mhic Dhonncha, *Bróga Johnny Thomáis*, a phléann an domhan ina maireann muid: grá agus briseadh croí, dul in aois, saothrú an tsaoil - téamaí uilíocha an tsaoil curtha inár láthair go liriciúil, tuisceanach, íogair. Tá na scéalta curtha inár láthair go paiteanta i nGaeilge shuaithinseach an Iarthair.




**'Díol agus Ceannach'**
**Máirín Ní Choinceanainn (C)**
***Guth na Mara***


Bailiúchán gearrscéalta ó scríbhneoirí óga Árann. Daltaí atá ag freastal ar mheánscoileanna Oileáin Árann a scríobh na scéalta spreagúla seo. Baineann cuid de na scéalta leis na hoileáin, le timpeallacht a bhfuil cleachtadh ag na scríbhneoirí óga seo uirthi. Cuid acu, áfach, léiríonn siad saol eile ar fad, saol scanrúil, arbh fhearr do dhuine fanacht glan air. Ach tá rud amháin cinnte, tá samhlaíocht agus saibhreas teanga sna scéalta arbh fhiú don léitheoir, bíodh sé óg nó aosta, blaiseadh díobh.





**'Eachtraí Aoibhne'**
**Pól Ó Muirí (U)**
***Hormóin agus Scéalta Eile***

Tá ábhar gáire agus goil san ocht scéal sa chnuasach seo a scríobhadh do dhéagóirí. Tá léargas ionraic tuisceanach iontu ar aigne an déagóra ag aoiseanna éagsúla. Insítear na scéalta i nGaeilge shimplí agus tá míniú ar fhocail deacra ag bun an leathanaigh.

CC BY NC





**‘Focalghníomh’**
**Ré Ó Laighléis (C)**
***Bolgchaint agus Scéalta Eile***
Léiríonn an t-údar arís a thuiscint ar aigne an déagóra san ocht scéal atá sa chnuasach seo.
Bhí athair Dheirdre ag fáil bháis in ospidéal. An raibh baint ag an strainséir a labhair lé Deirdre i mbialann McDonald leis an teacht aniar a rinne sé? I scéal eile tá triúr cailíní in iomaíocht lena chéile le haghaidh páirt i gceoldráma. Agus i gceann eile tagann puipéad láimhe i gcabhair ar a máistir. Scéalta taitneamhacha a bheadh oiriúnach do dhéagóirí san aoisghrúpa 12-15.





**‘Leaca an Tí Mhóir’**
**Seán Mac Mathúna (M)**
***Úlla***
Seo eagrán nua de *Úlla* - rogha gearrscéalta (11 acu) go príomha as na cnuasaigh *Ding* (1983) agus *Banana* (1999). Tá an dara heagrán seo ag teacht le heagrán 2005 ach amháin gur ceartaíodh roinnt botún cló agus mionearráidí eile.

NÓTA: Tá closleabhar ar fáil (mar phacáiste 4 x dhlúthdhiosca) atá ina fhoilseachán compánach - *Niall Tóibín ag léamh gearrscéalta le Seán Mac Mathúna* (foilsithe ag Cois Life, 2009: isbn 9781901176988) ar a bhfuil 8 gcinn de na scéalta seo á léamh.




**‘Na Moncaithe agus na hÉisc’**
**Gabriel Rosenstock (M)**
***Óró na Circíní***
Athinsint ag Gabriel Rosenstock ar scéalta béaloidis ó thíortha éagsúla san Afraic. Buailfidh an léitheoir le gach cineál sna scéalta seo – ainmhithe, feithidí, daoine agus déithe! Tá gach scéal maisithe go healaíonta ag Brian Fitzgerald.

| | |
|---|---|
|  | **‘Púdar Draíochta’**<br>**Bróna Ní Uallacháin (C)**<br>***Seoidín***<br>Is éard atá i ‘*Seoidín*’ ná leabhairín scéalta nua ina bhfuil obair ó dhaltaí, ó thuismitheoirí, ó mhúinteoirí agus ó iarthuismitheoir Choláiste Chroí Mhuire An Spidéal, Co. na Gaillimhe. Is leabhairín daite tarraingteach é, atá dírithe ar dhaltaí bunscoile a bhfuil Gaeilge mhaith acu. |
|  | **‘Teitheann Mulunge suas chun na bhFlaitheas’**<br>**Gabriel Rosenstock (M)**<br>***Óró na Circíní***<br>Athinsint ag Gabriel Rosenstock ar scéalta béaloidis ó thíortha éagsúla san Afraic. Buailfidh an léitheoir le gach cineál sna scéalta seo – ainmhithe, feithidí, daoine agus déithe! Tá gach scéal maisithe go healaíonta ag Brian Fitzgerald. |

| **Eochair** | | |
|---|---|---|
| Closleabhar ar fáil | rLeabhar ar fáil | Cuid de shraith leabhar |
| **Canúintí na Gaeilge** | | |
| **U** = Canúint Uladh | **C** = Canúint Chonnacht | **M** = Canúint na Mumhan |

CC BY NC